




Leabhar Gníomhaíochta



Liomsa an leabhar seo:



GARDA SÓISEARACH

(LÍON ISTEACH D'AINM)

STÁISIÚN NA NGARDAÍ


(LÍON ISTEACH AINM STÁISIÚN NA NGARDAÍ IS GAIRE DUIT)

UIMH. THEILEAFÓIN AN STÁISIÚIN

(LÍON ISTEACH AN UIMHIR THEILEAFÓIN STÁISIÚN NA NGARDAÍ IS GAIRE DUIT)

Súil sa Spéir

RIANAIGH NA LÍNTE PONCANN, AGUS CUIR DATH AR AN HÉILEACAPTAR NUAIR A BHEIDH TÚ CRÍOCHNAITHE!



AN RAIBH A FHIOS AGAT?

GLACANN HÉILEACAPTAR AN GHARDA SÍOCHÁNA GRIANGHRAIF AGUS FÍSEÁIN NUAIR A BHÍONN SIAD AG EITILT THAR IMEACHTAÍ MÓRA (MAR PHARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG) – MAR SIN, AN CHÉAD UAIR EILE A FHEICEANN TÚ CEANN ACU BÍODH AOIBH ORT AGUS CROITH DO LÁMH DON CHEAMARA!!

Dustáil chun Méarloirg a fháil

LEAN NA CÉIMEANNA ÉASCA SEO CHUN DUSTÁIL A DHÉANAMH CHUN MÉARLOIRG A FHÁIL



beidh siad seo a leanas at teastáil uait...

- | | |
|------------------|------------------------------------|
| ★ SCÁTHÁN | ★ TÉIP GHREAMAITHEACH |
| ★ UACHTAR LÁIMHE | ★ SCUAB BHEAG (PHÉINTE NÓ SMIDIDH) |
| ★ PÚDAR LINBH | ★ PÍOSA PÁIPÉIR NÓ CÁRTA DHUIBH |

cruthaigh do mhéarloirg



CUIMIL DABA BEAG DEN UACHTAR AR DO LÁMHA (CINNTEOIDH SÉ SEO GO MBEIDH SÉ NÍOS ÉASCA DO MHÉARLOIRG A FHÁIL).

BRÚIGH BARRA DO MHÉAR AR GHLOINE AN SCÁTHÁIN.

cuir púdar air agus deannaigh é



SCAIP PINSE BEAG DEN PHÚDAR AR AN SCÁTHÁN SAN ÁIT AR BHRÚIGH TÚ BARRA DO MHÉAR.

BAIN LEAS AS AN SCUAB CHUN AN PÚDAR A SCAIPEADH GO HÉADROM THAR NA PRIONTAÍ.

na méarloirg a ghabháil ar pháipéar



TÓG PÍOSA BEAG DE THÉIP GHREAMAITHEACH AGUS LEAG GO RÉIDH É OS CIONN CEANN AMHÁIN DE NA MÉARLOIRG IS FÉIDIR LEAT A FHEICEÁIL.

TARRAING AN TÉIP GO CÚRAMACH ÓN SCÁTHÁN AGUS LEAG Í AR BHARR PÍOSA PÁIPÉIR NÓ CÁRTA DHUIBH. BA CHEART GO MBEIDH TÚ IN ANN DO MHÉARLOIRG A FHEICEÁIL GO SOILÉIR ANOIS.


An raibh a fhios agat...?

- ★ CRUTHAÍODH DO MHÉARLOIRG SULAR RUGADH TÚ!
- ★ NÍL NA MÉARLOIRG CHÉANNA AG AON BHEIRT DAOINE AR DOMHAN.
- ★ DÉANANN PÓILÍNÍ MÉARLOIRG A SHEICEÁIL AR LÁTHAIR CHOIRE CHUN CABHRÚ LE RÉITEACH NA COIRE!
- ★ TÁ MÉARLOIRG KOALA BEAGNACH MAR AN GCÉANNA LE MÉARLOIRG DAOINE!
- ★ ÚSÁIDTEAR SRÓNLOIRG MADRA CHUN É A AITHINT – FAOI MAR A ÚSÁIDTEAR MÉARLOIRG I GCÁS DAOINE!



Coirpigh Mhóra i Líne

AN FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH AMACH CÉ A ROBÁIL AN BANC?




ROBÁLADH AN TAISCEADÁN I MBANC. D'ÉALAIGH AN GADAÍ SULAR THOSAIGH AN T-ALÁRAM AG DÉANAMH GLEO. AR AN DEA-UIR BHÍ FINNÉ ANN A BHÍ IN ANN CUR SÍOS A DHÉANAMH AR AN NGADAÍ. AN FÉIDIR LEAT LEAS A BHAINT NA LEIDEANNA SEO LE CABHRÚ LEIS NA GARDAÍ OIBRIÚ AMACH A RINNE É? AN GADAÍ ...

- ★ BHÍ SÉ MAOL
- ★ BHÍ SÉ BREIS IS 6 TROIGH AR AIRDE
- ★ BHÍ BRÍSTE LIATH Á CHAITHEAMH AIGE
- ★ BHÍ GUNNA LÉASAIR AIGE
- ★ D'EITIL SÉ LEIS I SPÁSÁRTHACH

DO FHREAGRA: -----

Ar ais go dtí an mbunáit

AN FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH AMACH CÉN BÓTHAR AR CHEART DON CHARR PATRÓIL A GHLACADH LE DUL GO DTÍ AN CARRCHLÓS OS COMHAIR STÁISIÚN AN GHARDA SÍOCHÁNA?



Cód Téacs an Gharda Síochána

AN FÉIDIR LEAT AN CÓD A OIBRIÚ AMACH CHUN AN TEACHTAIREACHT A LÉAMH?

3X5 2X3 1X2 2X6 1X2 2X6 3X2 3X6 1X3

L e a n

4X7 1X2 2X2 2X4 1X2 3X5 1X2 3X4 1X4 3X2 3X6 2X6 1X2 3X4



An bhfuil an Cód Sábhála ar eolas agat? ●

AON – BÍODH ÁIT SHLÁN AGAT
DÓ – NÁ RITH, FÁN IS ÉIST
TRÍ – BÍ AR D’AIRDEALL SULA DTRASNAÍONN TÚ BÓTHAR.
CEATHAIR – LIG CEAD DON TRÁCHT DUL THARAT
CÚIG – ‘SIN AG SIÚL DÍREACH TRASNA
SÉ – AR D’AIRDEALL
SÉ AN CÓD SÁBHÁLA.

IARR AR DO THUISMITHEOIR NÓ DO CHAOMHNÓIR CUAIRT A THABHAIRT AR LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDARÁIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE (RSA) AGUS CLUICHE AN CHÓID SÁBHÁLA A THAISPEÁINT DUIT. D’FHÉADFÁ LEABHAR DATHÚCHÁIN NÓ CLINGTHON A BHUACHAN TRÍD AN GCLUICHE A IMIRT.


AN RAIBH A FHIOS AGAT GO SEOLANN A GARDA TÉACSANNA I ROINNTE ÁITEANNA CHUIG AN BPOBAL LE HINSINT DÓIBH FAOI EACHTRAÍ A THARLAÍONN IN AICE LEO. CUIDÍONN SÉ SIN LE DAOINE A CHOIMEÁD SLÁN.

Meitseáil Scáthanna


FÉACH AR NA SCÁTHANNA GO CÚRAMACH.
AN FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH AMACH CÉ ACU SCÁTH AN CHAIRR?




A




B



C



D




CÉN FÁTH GO BHFUIL NA GARDAÍ CHOMH LÁIDIR? ... TOISC GUR FÉIDIR LEO AN TRÁCHT GO LÉIR A STOPADH LE LÁMH AMHÁIN!

CÉN FÁTH AR THUG AN GARDA TICÉAD DON CHAORA? TOISC GO RAIBH SÉ INA TIOMÁNAÍ BAAAAAAAAD!

CÉN FÁTH A RAIBH AN BLEACHTAIRE GARDAÍ AR AN TRÁ? ... TOISC GO RAIBH TONN CHOIREACHTA ANN!

Glaigh ar an Stáisiún

LEAN NA CÉIMEANNA ÉASCA SEO CHUN TEILEAFÓIN SREANGA NÓ CORDA
A DHÉANAMH DUIT FÉIN




beidh siad seo a leanas at teastáil uait...

- ★ 2 CHUPÁN PHLAISTEACHA NÓ PÁIPÉIR
- ★ PEANN LUIDHE NÓ SNÁTHAID MHAOL FUÁLA LE CABHRÚ CHUN POILL A DHÉANAMH IONTU
- ★ SREANGÁN NÓ CORDA (DÉANFAIDH SREANGÁN EITLEDIGE NÓ IASCAIREACHTA AN GNÓ GO BREÁ)

cad atá le déanamh...

GEARR PÍOSA FADA CORDA.



DÉAN POLL BEAG I DTÓIN GACH CUPÁIN (BÍODH SÉ DÍREACH MÓR GO LEOR CHUN GO BHÉADFAIDH TÚ AN CORDA A CHUR TRÍOTHU).
B'FHÉIDIR GO MBEIDH ORT A IARRADH AR DO THUISMITEOIRÍ NÓ AR DO CHAOMHNÓIR CHUN CABHRÚ LEAT.


SÁIGH AN SREANGÁN TRÍD AN BPOLL AGUS ISTEACH I DTÓIN CUPÁIN AMHÁIN (B'FHÉIDIR GO MBA CHABHAIR É DÁ N-ÚSÁIDFEÁ
FÁISCÍN PÁIPÉIR CHUN AN CORDA A BHRÚ ISTEACH).



CEANGAIL SNAIDHM AR DEIREADH AN TSREANGÁIN ATÁ LAISTIGH DEN CHUPÁN. TARRAING AN SREANGÁN GO DAINGEAN ANSIN SA
CHAD GO LUÍONN AN TSNAIDHM I DTÓIN AN CUPÁIN.

CUIR DEIREADH AN TSREANGÁIN ATÁ FÓS GAN CHEANGAL TRÍ THÓIN AN CHUPÁIN EILE. CEANGAIL SNAIDHM AIR AGUS TARRAING GO
TEANN AR AN SREANGÁN.

FAIGH DO CHARA.




CUIR BÉAL CUPÁIN AMHÁIN LE DO CHLUAIS AGUS IARR AR DO PHÁIRTÍ LABHAIRT ISTEACH I MBÉAL OSCAILTE AN CUPÁIN EILE. BÍODH
AN SREANGÁN CHOMH TEANN AGUS IS FÉIDIR LEAT. MÁ TÁ GACH CEANN DE NA CÉIMEANNA DÉANTA AGAT, BA CHEART GO GCLOISFEÁ
DO CHARA AG LABHAIRT, FIÚ MÁS PÍOSA FADA CORDA ATÁ AGAIBH. ANSIN, FÉADFAIDH TUSA LABHAIRT AGUS DO CHARA AG
ÉISTEACHT.

conas a oibríonn sé...

- ★ NUAIR A LABHRAÍONN TÚ ISTEACH SA CHUPÁN GLUAISEANN AN FHUAIM TRÍ THÓIN AN CHUPÁIN. SEOLTAR DO GHUTH SÍOS AN CORDA GO DTÍ
GO SROICHEANN SÉ BUN AN CHUPÁIN EILE. MAR SIN, NUAIR A LABHRAÍONN TÚ ISTEACH SA CHUPÁN, GLUAISEANN DO THEACHTAIREACHT GO
DTÍ DO CHARA ATÁ AG ÉISTEACHT AR AN TAOBH EILE. TÁ SÉ COSÚIL LE BHEITH AG ÚSÁID CEANN DE NA SEANTEILEAFÓIN SREINGE!


Cuairt ar Fhear Ceoil



DEARTHÁIR AGUS DEIRFIÚR IAD PÓL AGUS AOIFE. TÁ PÓL 8 MBLIANA D'AOIS AGUS TÁ AOIFE 7. SIÚLANN SIAD AR SCOIL LE CHÉILE GACH LÁ. LÁ AMHÁIN AR A MBEALACH ABHAILE, CHONAIC SIAD ROINN BUACHAILLÍ NÍOS SINE NÁ IAD AG CICEÁIL PEILE IN AGHAIDH BALLA TÍ COMHARSAN. CÉ NÁR BHUAIL SIAD RIAMH LEIS – BHÍ A FHIOS ACU GO RAIBH SEANTHEAR INA CHÓNAÍ ANN INA AONAR.

D'INIS DUINE DE CHAIRDE PHÓIL DÓ DÁ GCICEÁLADH DUINE LIATHRÓID THAR AN MBALLA AGUS ISTEACH I NGAIRDÍN AN TSEANFHIR NACH BHEAIGHÉ AR AIS GO DEO É: – "TÁ SÉ COSÚIL LE POLL DUBH I SPÁS AMUIGH ÁIT A SLOGTAR GACH RUD MAR A BHEADH DRAÍOCHT ANN!!" CHONAIC PÓL AN SEANTHEAR INA GHAI RDÍN TOSAIGH UAIR AMHÁIN AGUS CHEAP SÉ GO RAIBH CUMA BEAGÁN CANTALACH AIR CEART GO LEOR.

GO TOBANN, CHUALA SIAD PLIMP ARD!#?* BHÍ DUINE DE NA BUACHAILLÍ TAR ÉIS CIC AN-LÁIDIR A THABHAIRT DON LIATHRÓID AGUS RÉAB SÉ TRÍ CHEANN DE NA FUINNEOGA. BHÍ GLOINE AR FUD NA HÁITE. THEITH NA BUACHAILLÍ LEO CHOMH TAPA IS A BHÍ SÉ IONTU. BAIN EADH STAD AS PÓL AGUS AOIFE NUAIR A CHONAIC SIAD É SIN, AGUS D'INIS SIAD DÁ NDAIDÍ CAD A THARLA NUAIR A CHUAIGH SIAD ABHAILE. BHÍODH SÉ AG INSINT DÓIBH I GCÓNAÍ NÁR CHEART DO PHÁISTÍ A BHEITH AG IMIRT ACH AMHÁIN IN ÁITEANNA SÁBHÁILTE, ÁITEANNA NACH BHFÉADFAÍ AON DAMÁISTE A DHÉANAMH.





DÚIRT A N-ATHAIR GO RACHADH SÉ TIMPEALL GO TEACH AN TSEANFHIR I NDIAIDH AN DINNÉIR LE FÉACHAINT AN RAIBH CABHAIR UAIDH CHUN AN FHUINNEOG BHRISTE A SHOCRÚ. D'INIS SÉ DO PHÓL AGUS D'AOIFE GO BHFÉADFAIDH SIAD DUL ANN LEIS DÁ MBA MHIAN LEO. PHACÁIL A N-ATHAIR A BOSCA UIRLISÍ I NDIAIDH AN DINNÉIR AGUS AS GO BRÁCH LEO. AR NDÓIGH, BHÍ A FHIOS AG PÓL AGUS AG AOIFE NÁR CHEART DÓIBH DUL ISTEACH I DTEACH STRAINSÉARA GAN DUINE DÁ DTUISMITHEOIRÍ A BHEITH LEO. BHÍ PÓL AGUS AOIFE AG IARRAIDH A DHÉANAMH AMACH AGUS IAD AG SIÚL CÉN BHAIL A BHEADH AR AN SEANTHEAR: AN MBEADH SÉ CAIRDIÚIL NÓ CANCRACH? BHÍ SIAD AG SÚIL GO MBEADH SÉ CAIRDIÚIL ACH BHÍ BARÚIL ACU NACH MBEADH.



NÍOR GHÁ DÓIBH IMNÍ A BHEITH ORTHU. NUAIR SHROICH SIAD AN TEACH BHRÚIGH A NDAIDÍ CLOG AN DORAIS. THÁINIG SEANFHEAR GO DTÍ AN DORAS. MHÍNIGH A NDAIDÍ DÓ GUR CHUALA SÉ FAOIN BHFUINNEOG BHRISTE AGUS DÚIRT GO GCABHRÓDH SÉ LENA SOCRÚ. BA CHOSÚIL GO RAIBH AN SEANFHEAR AN-SÁSTA GO DEO. DÚIRT SÉ: "GO RAIBH MAITH AGAT. MISE FRANK" AGUS THUG SÉ CUIREADH DÓIBH TEACHT ISTEACH.

NUAIR A CHUAIGH PÓL AGUS AOIFE ISTEACH SA SEOMRA SUÍ NÍOR FHÉAD SIAD A SÚILE A CHREIDIÚINT. BHÍ AN ÁIT LÁN DE RUDAÍ A BHAIN LE CEOL – PIANÓ, GIOTÁIR, DRUMAÍ, FEADÓGA AGUS AN CHUIMSE LEABHAR AGUS CEIRNÍNÍ CEOIL. RINNE FRANK GÁIRE NUAIR A CHONAIC SÉ AN T-IONTAS AR A N-AGHAIDH.



D'FHIAFRAIGH AOIFE DE: "AN SEINNEANN TÚ NA HIONSTRAIMÍ GO LÉIR?". D'INIS FRANK DI: "BHÍODH MÉ AG SEINM CHEOIL I MBANNA NA BLIANTA Ó SHIN". BHÍ SÉ AN-DEAS GO DEO AGUS THAISPEÁIN SÉ DÓIBH NA HIONSTRAIMÍ ÉAGSÚLA AGUS LEABHAR MÓR GEARRTHÓG A BHÍ LÁN DE GHRIANGHRAIF. BHÍ DEALRAMH AN-ÓG AR FRANK SNA GRIANGHRAIF AGUS BHÍ SÉ AG SEINM LE BANDA CEOIL AR STÁITSE OLLMHÓR. DÚIRT PÓL: "CHAITHFEADH SÉ GO RAIBH CLÚ AGUS CÁIL ORT MAR TÁ NA SLUAITE DAOINE I LÁTHAIR."

D'INIS A NDAIDÍ LE FRANK GURBH É A MHIAN I GCÓNAÍ FOGHLAIM CHUN AN GIOTÁR A SHEINM, ACH NÁR THUG SÉ FAOI RIAMH. DÚIRT FRANK GO BHÉADFADH SÉ É A MHÚINEADH DÓ DÁ DTAITNEODH SÉ SIN LEIS. D'FHIAFRAIGH PÓL AGUS AOIFE DE LÁITHREACH BONN: "AN DTAISPEÁNFAIDH TÚ DÚINNE CONAS É A SHEINM FREISIN?". GÁIR SÉ AGUS DÚIRT: "BHUEL, CÉN FÁTH NACH DTAISPEÁNFAINN? FÉADFAIDH MÉ SIBH GO LÉIR A MHÚINEADH LE CHÉILE".



"BHEADH SÉ SIN THAR CIONN, GO RAIBH MAITH AGAT," ARSA A NDAIDÍ. BHÍODH AN FHLIÚIT SHASANACH Á SEINM AGAM NA BLIANTA Ó SHIN NUAIR A BHÍ MÉ AR SCOIL". D'ARDAIGH FRANK FLIÚIT SHASANACH AGUS THUG DÓ Í. "SEO, TAISPEÁIN DÚINN CAD IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH", AR SEISEAN. GHLAC A NDAIDÍ ANÁIL DHOMHAIN AGUS SHÉID CHOMH TRÉAN IS A BHÍ SÉ IN ANN ISTEACH SA BHLIÚIT SHASANACH. BA MHIILLTEACH AN TORANN A RINNE SÉ. B'UAFÁSACH AN GLEO É! CHUIR SIAD GO LÉIR A LÁMHA THAR A GCLUASA. "B'FHÉIDIR GO GCLOÍFIMID LEIS AN NGIOTÁR", ARSA FRANK, IS É AG GÁIRE.

ANSIN, CHUAIGH AN CEATHRAR ACU CHUN AN FHUINNEOG BHRISTE A SHOCRÚ. BHÍ CUPÁN TAE ACU INA DHIAIDH SIN. D'INIS FRANK DÓIBH GO RAIBH SÉ AG SMADINEAMH AR IARRADH AR GHARDA POBAIL CUAIRT A THABHAIRT AIR. BA MHIAN LEIS LABHAIRT LEIS MAIDIR LENA CHINNTIÚ GO MBEADH A THEACH GO DEAS, SLÁN SÁBHÁILTE. DÚIRT A N-ATHAIR: "CUIRFIDH MÉ CEIST AIR AN FÉIDIR LEIS BUALADH ANALL CHUGAT NUAIR A FHEICFIDH MÉ É AG AN GCÉAD CHRUINNÍÚ EILE D'FHAIRE CHOMHARSANACHTA".

THÁINIG AN GARDA POBAIL AN TSEACHTAIN DÁR GCIONN NUAIR A BHÍODAR LE CHÉILE I DTEACH FRANK LE HAGHAIDH CEACHT CEOL. BHÍ SÉ AN-CHAIRDIÚIL GO DEO AGUS SHEICEÁIL SÉ AMACH GACH CEANN D'FHUINNEOGA AGUS DOIRSE AN TÍ CHOMH MAITH LEIS AN NGAIRDÍN AGUS AN TSEID. THUG SÉ ROINNT BILEOGA SÁBHÁILTEACHTA DO FRANK LENA LÉAMH. "AN FÉIDIR LIOM BREATHNÚ ORTHU?" ARSA PÓL.


BHÍ CÁRTA FADA BUÍ INA MEASC. AR A RAIBH SPÁS D'UIMHREACHA TÁBHACHTACH TEILEAFÓIN AGUS A D'FHÉADFAÍ É A CHROCHADH AR AN DORAS. BHÍ CÁRTA GEARR BUÍ ANN FREISIN AR A RAIBH SPÁS D'UIMHIR THEILEAFÓIN. BHÍ SÉ SIN LE HAGHAIDH DAOINE DEASLÁMHACHA AGUS DAOINE A THIOCFADH AG DÍOL RUDAÍ AG AN DORAS. BHÍ BILEOG ANN FREISIN AR A RAIBH AN CHUIMSE LEIDEANNA SÁBHÁILTEACHTA. BHÍ FRANK AN-SÁSTA GO DEO LEIS AN GCABHAIR AGUS GHABH SÉ BUÍOCHAS LEIS AN NGARDA.



DÚIRT AN GARDA SÍOCHÁNA LE AOIFE AGUS É AG FÁGÁIL “CHUALA MÉ CEOL AGUS MÉ AG SIÚL ANÍOS AN COSÁN. TÁ TÚ I BHEAD NÍOS FEARR NÁ DO DHEARTHÁIR IS DO DHADÍ. D’FHÉADFÁ SEINN LE BANDA AN GHARDA SÍOCHÁNA!”. CHAOCH SÉ SÚIL UIRTHI AGUS RINNE SÉ MEANGADH GÁIRE LÉI. RINNE AOIFE MEANGADH GÁIRE LEIS FREISIN AGUS DÚIRT SÍ LÉI FÉIN “TÁ SÉ AN-DEAS AGUS RUD EILE FÓS, TÁ AN CEART AIGE. TÁ MO CHUID CEOL I BHEAD NÍOS FEARR”.

NÍOS DÉANAÍ SA LÁ CHABHRAIGH PÓL, AOIFE AGUS A N-ATHAIR LE FRANK AN FÁL A GHEARRADH INA GHAI RDÍN CÚIL. FAD IS A BHÍ SIAD AG GEARRADH AN FHÁIL THÁINIG SIAD AR LEAR MÓR LIATHRÓIDÍ PEILE (BHUEL, 3 CINN AR A LAGHAD) I BHFOSTÚ INA LÁR. BHÍ AN RÚN RÉITITHE! BHÍ AN ‘POLL DUBH’ AIMSITHE AGU. THOCHAIS FRANK A CHEANN AGUS DÚIRT: “BHUEL, BREATHNAÍGÍ AR SIN! NÍOR THUIG MÉ RIAMH GO BHFÉADFADH LIATHRÓIDÍ FÁS I M’FHÁL SA”. GHÁIR SIAD GO LÉIR. “CHAITHFEADH SÉ GUR CHICEÁIL CUID DÁR GCAIRDE ÓN SCOIL IAD THAR DO BHALLA”, ARSA AOIFE. “NÍ RAIBH A FHIOS AGAM GO RAIBH SIAD ANN AR CHOR AR BITH!” ARSA FRANK. “AN FÉIDIR LEAT NA LIATHRÓIDÍ A THABHAIRT AR AIS DO BHUR GCAIRDE NUAIR A FHEICEANN SIBH IAD?”. DÚIRT A NDAIDÍ LEO GO MBEADH SIAD NÍOS SÁBHÁILTE AG IMIRT PEILE SA PHÁIRC FEASTA.

INA DHIAIDH SIN NUAIR A BHÍ SIAD CRÍOCHNAITHE, RINNE SIAD DEIMHIN DE GO RAIBH AN DRÉIMIRE, AN BARRA ROTH A AGUS UIRLISÍ AN GHAI RDÍN CURTHA AR AIS GO SLACHTMHAR SA TSEID. CHINNTIGH SIAD GO RAIBH AN TSEID FAOI GHLAS SULA NDEACHAIGH SIAD ABHAILE. MHEAS SIAD GO MBA CHINEÁL SPÓIRT É CUAIRT A THABHAIRT AR ‘FHEAR AN CHEOIL’.



Comharthaí Aitheantais

ÚSÁIDEANN NA GARDAÍ AIMNEACHA SPEISIALTA NUAIR A BHÍONN
SIAD AG LABHAIRT AR A GCUID RAIDIÓNNA



BUNÁIT, BUNÁIT, OSCAR 1, AR AGHAIDH LEAT.

GLAONN AN CARR PATRÓIL AR AIS LE TABHAIRT LE
FÍOS DON STÁISIÚN GO BHEIL SIAD AG ÉISTEACHT,
AGUS GO BHEÁDFAIDH SIAD DUL AR AGHAIDH LEIS
AN TEACHTAIREACHT.

OSCAR 1, OSCAR 1, BUNÁIT, CHUGAT.

GLADITEAR COMHARHA AITHEANTAIS * AN DUINE A
BHEIL TÚ AG GLAOCH AIR AR DTÚS (X2). ANSIN
TUGANN TÚ DO CHOMHARHA AITHEANTAIS FÉIN AGUS
ANSIN DEIR TÚ "CHUGAT". SA CHÁS SEO, TÁ AN
STÁISIÚN (AN BHUNÁIT) AG GLAOCH AR AN GCARR
PATRÓIL (OSCAR 1).

* IS ÉARD IS COMHARHA AITHEANTAIS NÁ AIMN
SPEISIALTA A THUGTAR DO GACH GARDA A
ÚSÁIDEANN AN RAIDIÓ. BÍONN A GCOMHARHAÍ
AITHEANTAIS FÉIN AG GACH STÁISIÚN, CARR
PATRÓIL, AGUS GARDA.

OSCAR 1, GLAOCH ALÁRAIM MAIDIR LE HOIFIG
AN PHOIST SA PHRÍOMHSHRÁID, CHUGAT.

INSÍONN AN STÁISIÚN DON CHARR PATRÓIL OIFIG
AN PHOIST A SHEICEÁIL TOISC GO BHEIL AN T-ALÁRAM
CURTHA AR SIÚL.

BUNÁIT, ROGER SIN, AR AN MBEALACH.

DÉANANN AN CARR PATRÓIL A BHEALACH CHUIG
OIFIG AN PHOIST LE FEICEÁIL CAD A CHUIR AN
T-ALÁRAM AR SIÚL, AGUS INSÍONN DON STÁISIÚN
FAOI.

BUNÁIT, BUNÁIT, OSCAR 1, CHUGAT.

OSCAR 1, OSCAR 1, BUNÁIT, AR AGHAIDH LEAT.


BUNÁIT, AR AN LÁTHAIR, ALÁRAM BRÉAGACH,
CHUGAT.

OSCAR 1, ROGER SIN.

BAIN ÚSÁID AS AN TEILEAFÓN SREINGE A RINNE
TÚ NÍOS LUAITHE, D'FHÉADFÁ SPRADAI A BHEITH AGAT AG
LÉAMH AMACH NA SCRIPTE SEO LE CARA LEAT.

Sárhreachadáil

BEIR GREIM AR PHEANN LUADHE AGUS DÉAN
SÁRLAOCHRA DEN NA MÉARLOIRG.



Aimsigh an Difríocht

SCRÚDAIGH AN DÁ THEACH GO CÚRAMACH.
TARRAING CIORCAL MÓRTHIMPEALL GACH CEANN DE NA DIFRÍOCHTAÍ A AIMSÍONN TÚ.




cad na difríochtaí a d'aimsigh tú?...

B'FÉIDIR GO BHFUAIR TÚ AMACH GO BHFUIL AN TEACH AR CHLÉ NÍOS SÁBHÁILTE NÁ AN TEACH AR DHEIS – ACH CÉN FÁTH?
TÁ AN TEACH AR CHLÉ NÍOS SÁBHÁILTE ...

- ★ TOISC GO BHFUIL ALÁRAM ANN. D'FHEADFADH SÉ SIN NA GARDAÍ A CHUR AR AN EOLAS DÁ DTARLÓDh ÉIGEANDÁIL.
- ★ TOISC GO BHFUIL SOLAS AR THAOBH AN TÍ A SCALANN NUAIR A BHOGANN RUD ÉIGIN OS A CHOMHAIR (FIÚ CAT!).
- ★ TOISC GO BHFUIL NA FUINNEOGA THÍOS STAIGHRE DÚNTA. SA CHAOI NACH FÉIDIR LE DUINE DREAPADH ISTEACH SA TEACH I NGAN FHIOS DON ÚINÉIR.
- ★ TOISC GO BHFUIL AN DORAS TOSAIGH DÚNTA. SA CHAOI NACH FÉIDIR LE DUINE AR BITH SIÚL ISTEACH SA TEACH I NGAN FHIOS DON ÚINÉIR.
- ★ TOISC NACH BHFUIL CRAINN OS COMHAIR NA BHFUINNEOG AGUS IS FÉIDIR LEIS AN ÚINÉIR FÉACHAINT AMACH AR AN NGAIRDÍN.
- ★ TOISC GO BHFUIL GEATA AN FHÁIL DÚNTA. SA CHAOI NACH FÉIDIR LE DUINE AR BITH SIÚL ISTEACH SA GHAI RDÍN I NGAN FHIOS DON ÚINÉIR.
- ★ TOISC GO BHFUIL COMHARTHA MAIDIR LE FAIRE CHOMHARSANACHTA OS COMHAIR AN TÍ. RUD A CHABHRAÍONN CHUN COIREANNA A STOPADH.
- ★ NÍL AON RUDAÍ LUACHMHARA (MAR ROTHAR) FÁGTHA TAOBH AMUIGH DEN TEACH AGUS MAR SIN NÍ FÉIDIR IAD A CHROCHADH CHUN SIÚIL.

Cuardaigh agus Faigh

AN FÉIDIR LEAT GACH CEANN DE NA MÍREANNA SA LIOSTA AG BUN AN
LEATHANAIGH A FHÁIL SA CHUARDACH FOCAL SEO?



B	C	A	R	R	P	E	D	H	L	F	A	N	S
Ú	H	É	G	M	Ó	S	A	T	E	L	O	C	T
S	Á	B	H	Á	I	L	T	E	I	D	N	Ó	Á
U	C	I	C	H	L	E	I	M	D	O	F	C	I
A	A	R	A	D	Í	O	B	F	E	R	H	O	S
I	R	B	I	É	N	G	H	E	A	N	O	I	I
T	R	Ó	P	A	Í	N	E	N	N	A	I	R	Ú
H	P	A	Í	T	P	Ó	L	Í	N	I	R	E	N
E	A	M	N	A	O	N	B	H	A	S	M	A	S
A	T	G	H	A	B	H	Á	I	L	C	E	C	É
N	R	Á	S	N	A	E	D	N	É	B	A	H	T
T	Ó	M	A	S	I	R	E	N	U	A	C	T	H
A	I	L	T	Ú	L	S	B	E	N	C	H	A	M
S	L	A	O	N	A	D	M	A	D	R	A	Í	N



LEIDEANNA

PÓILÍNÍ POBAIL

SÁBHÁILTE



RAIDIÓ

COIREACHTA



STÁISIÚN

DORNAISC

SUAITHEANTAS

GHABHÁIL



CARR PATRÓIL



CAIPÍN

BÁD

AONFHOIRMEACH





~~SIREN~~

AONAD MADRAÍ

Patról Oíche


TÁ AN GARDA GAVIN AG DUL AMACH AR PHATRÓL OÍCHE.
AN FÉIDIR LEAT CABHRÚ LEIS TEACHT AR A THÓIRSE?



Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil ón nGarda Gavin agus é ar a phatról oíche...



VEIST CHOSANTA



LEABHAR NÓTAÍ



LÁMHAINNÍ



TIACHÓG MHÍOCHÁINE



CAD A DÚIRT AN GARDA LENA BHOLG?
TÁ TÚ FAOI VEIST!

Glao Éigeandála


AN BHFUIL A FHIOS AGAT CONAS GLAOCH
AR CHABHAIR I GCÁS ÉIGEANDÁLA?

cén sórt rud é éigeandáil?

- ★ BÍONN ÉIGEANDÁIL ANN NUAIR A BHÍONN COIR Á DÉANAMH NÓ TIMPISTE AG TARLÚ, NÓ NUAIR A BHÍONN DAOINE I MBAOL. BHEADH ÉIGEANDÁIL ANN DÁ MBEADH TINE ANN NÓ TIMPISTE GHLUAISTEÁIN, NÓ BUIRGLÉIR I DO THEACH.
- ★ NÍ ÉIGEANDÁIL A BHEADH ANN DÁ MBAINFEÁ AN CRAICEANN DE DO GHLÚIN, DÁ NGOIDFÍ DO ROTHAR, NÓ DÁ RACHADH DO PHEATA AR STRAE.

cad ba cheart duit a dhéanamh?

- ★ DIAILIGH 9 9 9 AR FHÓN AR BITH. IS FÉIDIR AN UIMHIR SIN A GHLAOCH SAOR IN AISCE FIÚ MURA MBÍONN AON CHREIDMHEAS AGAT I D'FHÓN PÓCA.
 - ★ GLAC RÉIDH É, LABHAIR GO SOILÉIR AGUS GO MALL. TÁ AN T-OIBREOIR ANN LE CABHRÚ LEAT.
 - ★ ÉIST LE CEISTEANNA AN OIBREORA AGUS FREAGAIR GACH CEANN ACU GO CÚRAMACH.
 - ★ INIS DON OIBREOIR CAD É AN ÉIGEANDÁIL. TABHAIR AN OIREAD SONRAÍ AGUS IS FÉIDIR LEAT – MAR SHAMPLA DATH AN CHAIRR A BHÍ I DTIMPISTE.
 - ★ INIS DON OIBREOIR GO CRUINN AN ÁIT INA BHFUIL AN ÉIGEANDÁIL.
 - ★ NÁ MÚCH AN TEILEAFÓN GO DTÍ GO NDEIR AN T-OIBREOIR GO BHFUIL SÉ CEART GO LEOR É SIN A DHÉANAMH.
- ★★ NÁ DÉAN DEARMAD: – NÁ GLAOIGH 999 MURA BHFUIL ÉIGEANDÁIL ANN.



Leabhar Gníomhaíochta an Gharda Síochána

TÁ AN LEABHAR GHNÍOMHAÍOCHTA SEO LÁN DE PHUZAIL, DE CHLUICHÍ, DE BHREACAIREACT
AGUS A LÁN RUDAÍ EILE AR MÓR AN SPÓRT IAD.

IS É AIDHM AN LEABHAIR GHNÍOMHAÍOCHTA SEO NÁ CABHRÚ LE PÁISTÍ LE:

BHEITH NÍOS SÁBHÁILTE SA BHAILE, AGUS AR NA BÓITHRE.
COSC NA COIREACTA A THUISCINT.
RANNPHÁIRTÍOCHT DHEARFACH A BHEITH ACU LE DAOINE SCOTHAOSTA.
FOGHLAIM FAOI CHUID DE NA JABANNA A DHÉANANN NA GARDAÍ.

MÁ BHAIN TÚ TAITNEAMH AS AN LEABHAR
GNÍOMHAÍOCHTA SEO FÉACH AR WWW.GARDA.IE
LE HAGHAIDH ÁR LEABHAR DATHÚCHÁIN



BA Í OIFIG NÁISIÚNTA NA PÓILÍNEACTA POBAIL A CHRUTHAIGH GACH ÁBHAR AGUS A RINNE GACH DEARADH.
AN GHARDA SÍOCHÁNA